RIALACHÁN (AE) 2022/2383 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Nollaig 2022

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 a mhéid a bhaineann le cineálcheadú feithiclí saothair throm a úsáideann bithdhíosal íon i leith astaíochtaí

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le mótarfheithiclí agus innill a chineál-cheadú i leith astaíochtaí ó fheithiclí saothair throm (Euro VI) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi fheithiclí a dheisiú agus a chothabháil agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus Treoir 2007/46/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 80/1269/CEE, Treoir 2005/55/CE agus Treoir 2005/78/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(3), Airteagal 5(4) agus Airteagal 12 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ní mór d'fheithiclí a chineálcheadaítear san Aontas a bheith in ann rith ar bhithdhíosal íon agus ar chumaisc éagsúla de bhithdhíosal agus de bhreoslaí iontaise i gcás inar gá.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún ([2]), ceanglaítear le haghaidh cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall i leith astaíochtaí go n-áirithíonn an monaróir go gcomhlíontar na sonraíochtaí maidir le breoslaí tagartha a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán sin agus a úsáidtear le haghaidh tástálacha cineálcheadaithe.

(3) Ní liostaítear an bithdhíosal íon (FAME B100) in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 mar bhreosla tagartha le haghaidh chineálcheadú na bhfeithiclí saothair throm i leith astaíochtaí. Ní mór tástáil chineálcheadaithe a dhéanamh go dúbailte ar dhíosal (B7) agus ar bhithdhíosal (B100) araon chun comhlíonadh na gceangaltas maidir le hastaíochtaí a léiriú. Chun dúbláil na tástála a íoslaghdú agus chun an deimhniúchán le haghaidh úsáid bithdhíosail íon agus cumasc bithdhíosail (amhail FAME B20/B30) a éascú, is gá sonraíochtaí a thabhairt isteach le haghaidh an bhithdhíosail íon mar bhreosla tagartha, agus iad bunaithe ar chaighdeáin ábhartha idirnáisiúnta agus Eorpacha. Ba cheart a cheadú go léireofaí comhlíonadh na gceangaltas tástála astaíochtaí le haghaidh cineálcheadú B100 trí thástáil astaíochtaí le bithdhíosal íon a dhéanamh ar an máthair-inneall. Féadfar aon chumasc bithbhreosla a roghnú le haghaidh na tástála comhréireachta inseirbhíse is gá.

(4) Chun feithiclí a bhfuil inneall formheasta iontu a fhormheas, is gá aguisín maidir le sonraíochtaí an deimhnithe ar chineálcheadú.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún a leasú dá réir sin.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste Theicniúil – Mótarfheithiclí.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní I, II agus IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 188, 18.7.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear i bhfeidhm agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí tromshaothair (Euro VI) agus lena leasaítear Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 167, 25.6.2011, lch. 1)

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I le rialachán (AE) Uimh. 582/2011 mar a leanas:

(a) I bpointe 1.1.2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

"Má cheadaíonn an monaróir go ritear an aicme inneall ar bhreoslaí margaidh nach gcomhlíonann ceachtar den dá rud, mar atá, Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) agus caighdeán CEN EN 228 2012 i gcás peitreal gan luaidhe nó caighdeán CEN EN 590:2013 i gcás díosail nó caighdeán CEN EN 14214:2012 +A2:2019 i gcás FAME B100, eadhon ar bhreoslaí amhail breosla pairifíneach (caighdeán CEN EN 15940) nó breoslaí eile, comhlíonfaidh an monaróir na ceanglais seo a leanas sa bhreis ar na ceanglais i bpointe 1.1.1";

(*) Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 1998 maidir le cáilíocht breoslaí peitril agus díosail agus lena leasaítear Treoir 93/12/CEE ón gComhairle (IO L 350, 28.12.1998, lch. 58).";

(b) tar éis phointe 1.3 cuirtear na pointí seo a leanas isteach 1.4 agus 1.4.1:

"1.4. **Ceanglais maidir le cineálcheadú B100**

1.4.1. Cineálcheadú aicme B100 ar tástáladh máthair-inneall léi ar FAME B100, cumhdóidh sé gach inneall den aicme sin agus gach cumasc bithdhíosail arb airde a chion FAME ná an cion FAME i FAME B30 (caighdeán CEN EN 16709) gan tuilleadh tástála. Féadfar cumaisc bhithdhíosal is ísle cion FAME ná sin a chumhdach leis an gcineálcheadú más rud é go gcomhlíontar ceanglais an rialacháin seo i gcás na gcumasc siúd gan aon choigeartú a dhéanamh ar an bhfeithicil. I gcás den sórt sin dearbhóidh an monaróir na cumaisc bhithdhíosail ar féidir an aicme inneall a rith orthu i bpointe 3.2.2.2.1 den Doiciméad Faisnéise mar a leagtar amach i gCuid 1 d'Fhoscríbhinn 4. Má chinneann an túdarás cineálcheadaithe nach bhfuil an t-iarratas a chuirtear faoina bhráid lánionadaíoch, féadfaidh an t-údarás cineálcheadaithe cumaisc bhithdhíosail seachas FAME B100 a roghnú agus déanfar tástáil orthusan.";

(c) cuirtear isteach an pointe 3.2.1.7. seo a leanas:

"3.2.1.7. I gcás chineálcheadú B100, beidh 'B100' sa mharc cineálcheadaithe i ndiaidh an tsiombail náisiúnta.";

(d) I bhFoscríbhinn 4, CUID 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3.2.2.2:

"3.2.2.2. Feithiclí saothair throm Díosal/Peitreal/GPL/GN-H/GN-L/GN-HL/Eatánól (ED95)/Eatánól (E85)/GNL (gás nádúrtha leachtaithe)/GNL_{20}/B100 ([1]) ([6])";

(e) San aguisín a ghabhann le Foscríbhinn 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1.1.5:

"1.1.5. Catagóir an innill: Díosal/Peitreal/GPL/GN-H/GN-L/GN-HL/Eatánól (ED95)/Eatánól (E85)/GNL (gás nádúrtha leachtaithe)/GNL_{20}/B100 ([1])";

(f) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 8 d'Fhoscríbhinn 6:

"8. Síniú:

Ceangaltán: Pacáiste faisnéise.

Tuarascáil tástála.

Aguisín"

(g) Cuirtear an Aguisín seo a leanas le Foscríbhinn 6:

"*Aguisín*

le deimhniú CE ar chineálcheadú Uimh. …

1. FAISNÉIS BHREISE

1.1. Sonraí le líonadh isteach i ndáil le cineálcheadú feithicle a bhfuil inneall formheasta suiteáilte inti:

1.1.1. Déantús an innill (ainm an ghnóthais):

1.1.2. Cineál agus tuairisc thráchtála (luaitear aon leagan malartach):

1.1.3. Cód an mhonaróra mar atá marcáilte ar an inneall:

1.1.4. Catagóir na feithicle (más infheidhme) ([b]):

1.1.5. Catagóir an innill: Díosal/Peitreal/GPL/GN-H/GN-L/GN-HL/Eatánól (ED95)/Eatánól (E85)/GNL (gás nádúrtha leachtaithe)/GNL_{20}/B100 ([1]):

1.1.5.1. Cineál innill débhreosla: Cineál 1A/Cineál 1B/Cineál 2A/Cineál 2B/Cineál 3B ([1])([d1]):

1.1.6. Ainm agus seoladh an mhonaróra:

1.1.7. Ainm agus seoladh ionadaí údaraithe an mhonaróra (más ann dó):

1.2. Má tá an t-inneall dá dtagraítear in 1.1 cineálcheadaithe mar aonad teicniúil faoi leith:

1.2.1. Uimhir chineálcheadaithe an innill/na haicme inneall ([1]):

1.2.2. Uimhir chalabrúcháin bogearraí an Chórais Stiúrtha Innill:

1.3. Sonraí le comhlíonadh i ndáil le cineálcheadú innill/aicme inneall ([1]) mar aonad teicniúil faoi leith (coinníollacha atá le comhlíonadh agus an t-inneall á shuiteáil i bhfeithicil):

1.3.1. Ísliú ionduchtaithe uasta agus/nó íosta:

1.3.2. Cúlbhrú incheadaithe uasta:

1.3.3. Toirt an sceithchórais:

1.3.4. Srianta úsáide (más ann dóibh):

1.4. Leibhéil astaíochtaí an innill/an mháthair-innill ([1])

Toisc Mheatha (DF): ríofa/seasta ([1])

Sonraigh na luachanna DF agus na hastaíochtaí le linn na dtástálacha WHSC (más infheidhme) agus WHTC sa tábla thíos

1.4.1. Tástáil WHSC

Tábla 4

Tástáil WHSC

Tástáil WHSC (más infheidhme) ([10])([d5])							
DF	CO	HCI	HCNM ([d4])	NO_X	Mais ÁC	NH_3	Líon ÁC
Iolr/suim ([1])							
Astaíochtaí	CO (mg/kWh)	HCI (mg/kWh)	HCNM ([d4]) (mg/kWh)	NO_x (mg/kWh)	Mais ÁC (mg/kWh)	NH_3 ppm	Líon ÁC (#/kWh)
Toradh tástála							
Arna ríomh le DF							
Astaíocht maise CO_2: … g/kWh							
Ídiú breosla … g/kWh							

1.4.2. Tástáil WHTC

Tábla 5

Tástáil WHTC

Tástáil WHTC ([10])([d5])								
DF Iolr/suim ([1])	CO	HCI	HCNM ([d4])	CH_4 ([d4])	NO_x	Mais ÁC	NH_3	Líon ÁC
Astaíochtaí	CO (mg/kWh)	HCI (mg/kWh)	HCNM ([d4]) (mg/kWh)	CH_4 ([d4]) (mg/kWh)	NO_x (mg/kWh)	Mais ÁC (mg/kWh)	NH_3 ppm	Líon ÁC (#/kWh)
Fuarthosú								
Tosú te gan athghiniúint								
Tosú te le hathghiniúint ([1])								
$k_{r,u}$ (iolr/suim) ([1])								
$k_{r,u}$ (iolr/suim) ([1])								
Toradh tástála ualaithe								
Toradh tástála críochnaitheach le DF								
Astaíocht maise CO_2: … g/kWh								
Ídiú breosla: … g/kWh								

1.4.3. Tástáil faoi luas réchasta

Tábla 6

Tástáil faoi luas réchasta

Tástáil	*Luach CO (% toirte)*	*Lambda ([1])*	*Luas innill (nóim^{-1})*	*Teocht ola innill (°C)*
Tástáil faoi luas réchasta íseal		Ní infheidhme		
Tástáil faoi luas réchasta ard				

1.4.4. Tástáil léirithe PEMS

Tábla 6a

Tástáil léirithe PEMS

Cineál feithicle (e.g. $_3$, N_3 agus feidhm e.g. trucail righin nó altach, bus cathrach)						
Tuairisc na feithicle (e.g. déanamh na feithicle, fréamhshamhail)						
Torthaí pas-teip ([7])	CO	HCI	HCNM	CH_4	NO_x	Líon ÁC
Fachtóir comhlíontachta na fuinneoige oibre ([11])						
Fachtóir comhlíontachta na fuinneoige maise CO_2 ([11])						

Faisnéis turais	Uirbeach	Tuaithe	Mótarbhealach
Cion an ama turais a rinneadh faoi oibríocht uirbeach, tuaithe nó mótarbhealaigh mar a thugtar tuairisc orthu i bpointe 4.5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011			
Cion an ama turais a rinneadh faoi luasghéarú, faoi luasmhoilliú, ar cúrsáil agus ar stad, mar a thugtar tuairisc orthu i bpointe 4.5.5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011			

	Íosmhéid	Uasmhéid
Meánchumhacht na fuinneoige oibre (%)		
Fad na fuinneoige maise CO_2 (s)		
Fuinneog oibre: céatadán fuinneog bailí		
Fuinneog maise CO_2: céatadán fuinneog bailí		
Cóimheas comhsheasmhachta ídithe breosla		

1.5 Tomhas cumhachta

1.5.1. Cumhacht an innill arna tomhas ar bhinse tástála

Tábla 7

Cumhacht an innill arna tomhas ar bhinse tástála

Luas tomhaiste an innill (isn)							
Ráta tomhaiste sreafa breosla (g/u)							
Casmhóimint thomhaiste (Nm)							
Cumhacht thomhaiste (kW)							
Brú baraiméadrach (kPa)							
Brú gaile uisce (kPa)							

Teocht aeir iontógála (K)							
Fachtóir ceartaithe cumhachta							
Cumhacht cheartaithe (kW)							
Cumhacht cheartaithe (kW) (1)							
Glanchumhacht (kW)							
Glan-chasmhóimint (Nm)							
Ídiú breosla sonrach ceartaithe (g/kWh)							

1.5.2. Sonraí breise, e.g. an fachtóir ceartaithe cumhachta le aghaidh gach breosla a dearbhaíodh (más infheidhme)";

(h) San Aguisín a ghabhann le Foscríbhinn 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1.1.5:

"1.1.5. Catagóir an innill: Díosal/Peitreal/GPL/GN-H/GN-L/GN-HL/Eatánól (ED95)/Eatánól (E85)/GNL (gás nádúrtha leachtaithe)/GNL_{20}/B100 ([1])";

(2) Cuirtear an abairt seo a leanas le hIarscríbhinn II, pointe 4.4.2:

"I gcás chineálcheadú B100, féadfaidh na húdaráis cineálcheadaithe a cheangal go dtástálfar an fheithicil ar bhithdhíosal a bhfuil cion ar bith FAME ann.";

(3) In Iarscríbhinn IX, faoin gceannteideal "Sonraí teicniúla maidir le breoslaí chun tástáil a dhéanamh ar innill adhainte comhbhrú agus innill débhreosla", cuirtear an tábla seo a leanas isteach tar éis an tábla "Cineál: Díosal (B7)":

"Cineál: Bithdhíosal íon (B100) le haghaidh innill adhainte comhbhrú

Paraiméadar	Aonad	Teorainneacha		Modh tástála
		Íosmhéid	Uasmhéid	
Cion FAME	% (m/m)	96,5	–	EN 14103
Dlús ag 15 °C	kg/m_3	860	900	EN ISO 3675 EN ISO 12185
Slaodacht ag 40 °C ([1])	mm^2/s	3,50	5,00	EN ISO 3104 EN 16896
Splancphointe	°C	101	–	EN ISO 2719 EN ISO 3679 ([2])
Ceatánuimhir ([3])	–	51,0	–	EN ISO 5165 EN 15195 EN 16715 EN 17155
Creimeadh stráice copair (3 u ag 50 °C)	Rátáil	aicme 1		EN ISO 2160
Cobhsaíocht ocsaídiúcháin (ag 110 °C)	u	8,0	–	EN 14112 EN 15751
Luach aigéid	mg KOH/g	–	0,50	EN 14104
Luach iaidín	g iaidín/100 g	–	120	EN 14111 EN 16300
Eistear meitile aigéid lionóiléigh	% (m/m)	–	12,0	EN 14103
Eistir mheitile il-neamhsháithithe (≥ 4 nasc dúbailte)	% (m/m)	–	1,00	EN 15779

Cion meatánóil	% (m/m)	–	0,20	EN 14110
Cion monaiglicríde	% (m/m)	–	0,70	EN 14105
Cion déghlicríde	% (m/m)	–	0,20	EN 14105
Cion tríghlicríde	% (m/m)	–	0,20	EN 14105
Gliocról saor	% (m/m)	–	0,02	EN 14105 EN 14106
Gliocról iomlán	% (m/m)	–	0,25	EN 14105
Cion uisce	% (m/m)	–	0,050	EN ISO 12937
Éilliú iomlán	mg/kg	–	24	EN 12662
Cion luatha sulfáitithe	% (m/m)	–	0,02	ISO 3987
Cion sulfair	mg/kg	–	10,0	EN ISO 20846 EN ISO 20884 EN ISO 13032
Miotail ghrúpa I (Na+K)	mg/kg	–	5,0	EN 14108 EN 14109 EN 14538
Miotail ghrúpa II (Ca+Mg)	mg/kg	–	5,0	EN 14538
Cion fosfair	mg/kg	–	4,0	EN 14107 EN 16294

([1]) Más lú ná – 20 °C an t-íosteacht insíothlaitheachta, tomhaisfear an tslaodacht ag – 20 °C. Ní bheidh an luach tomhaiste níos mó ná 48 mm^2/s. Sá chás sin, tá na modhanna tástála caighdeánacha infheidhme gan na sonraí beachtais i ngeall ar iompar neamh-Niútanach i gcóras déphasach.

([2]) Úsáidfear sampla 2 ml agus fearas feistithe le gaireas brathadóireachta teirmí.

([3]) Níl suí na ceatánuimhreach díorthaithe le haghaidh FAME san áireamh i gcinntí beachtais roinnt de na modhanna tástála."